Gaelscoil de hÍde

DÚN EALA, DÚN TEACHAÍN, MAINISTIR FHEARMAÍ,CO. CHORCAÍ

Príomh Oide: *Tomás Ó Sé*
Fón: *(025) 31217*
Ríomhphost: *info@gaelscoildehide.com*
Suíomh Idirlín: *www.gaelscoildehide.com*

Polasaí Obair Bhaile

Cad chuige Obair Bhaile?

- Chun daingniú, dul siar agus chleachtadh ar scileanna agus eolas clúdaithe sa tseomra ranga
- Muinín a thabhairt don bpáiste i dtascanna a chríochnú a úsáideann scileanna foghlamtha sa tseomra ranga a chabhraíonn leo a bhfoghlaim a fhorbairt.
- Scileanna foghlamtha a fhorbairt, fadhbanna a réiteach, bainistiú ama, eagrú, tascanna a chríochnú, scileanna staidéir, freagracht agus teacht aniar a bheith sa pháiste.
- Chun deis a thabhairt do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach i nobair bhaile a bpáistí agus cabhrú leo dá réir. Tugann sé deis do thuismitheoirí súil a choiméad ar dhul chun cinn agus foghlaim pearsannta a bpáistí a phlé.
- Deis a thabhairt do mhúinteoirí dul chun cinn a ndaltaí a mheasúnú agus iad ag obair go neamhspleách ar thacaíocht ranga.
- Cruthaitheacht a spreagadh, scileanna taighde agus cleachtadhar fhoghlaim idirdhealaithe tré obair tionscnaimh.
- Aithnítear léamh mar chuid lárnach do aon fhoghlaim. Tugann léamh sa bhaile ó aois óg am chun plé, tuairimí a roinnt, feabhas a chur ar líofacht chómh maith le treisiú ar scileanna foclóireachta agus tuisceanna mar aon le forbairt ar thuairimí na bpáistí.

Cé chómh minic is a tugtar Obair Bhaile.

- Tugtar Obair Bhaile seachtainiúil, le críochnú, Luan – Déardaoín
- Uaireannta tugann an múinteóir/Príomhoide oiche soar ó Obair Bhaile mar adhmháil ocáid éigin no éacht déanta.
- Is gnách nách dtugtar Obair Bhaile ar lá breithe an dalta.
- Ní tugtar Obair Bhaile ag deireadh seachtaine, ar laethanta scoile roimh Laethanta Saoire Poiblí ná roimh saoire scoile.
- Thárlódh go mbeadh ar dhaltaí ó Ranganna a Trí go Sé obair a dhéanamh ar thionscnaimh ag an ndeireadh seachtaine ó am go ham.

Gaelscoil de hÍde

DÚN EALA, DÚN TEACHAÍN, MAINISTIR FHEARMAÍ,CO. CHORCAÍ

Príomh Oide: *Tomás Ó Sé*
Fón: *(025) 31217*
Ríomhphost: *info@gaelscoildehide.com*
Suíomh Idirlín: *www.gaelscoildehide.com*

Cé mhéad ama a caitear ar Obair Bhaile?

Tógfaidh sé amannta difriúla ó dhaltaí áirithe a gcuid oibre a chríochnú. Beidh amannta difriúla ó lá go lá.

Treoir ginearálta iad seo amháin :

Naíonáin Bheaga agus Mhóra:	10 - 15 nóimeat.
Ranganna 1 & 2:	20 - 30 nóimeat
Ranganna 3 & 4:	30 - 40 nóimeat
Ranganna 5 & 6:	40 - 60 nóimeat

Cad é ábhar an Obair Bhaile:

De ghnath bíonn léitheoireacht, foghlaim agus obair scríofa i gceist le Obair Bhaile. Tá an fhoghlaim agus an léamh gach pioc chómh tabhachtach leis an obair scríofa.
Bíonn léamh, táblaí,litriú, obair scríofa,foghlaim de ghlan mheabhair,tarrac phictiúirí, dathú, ag bailiú eolais nó ábhair agus ag críochnú oibre a thosaigh sa rang.
Deintear difreálú ar an Obair Bhaile i gcás dhaltaí atá ag freastal ar Oideachas Speisialta.
Má bhíonn brú agus strus ag baint le Obair Bhaile do dhalta nó tuismitheoir ba chóir dul i gcomhairle leis an múinteoir ranga.
Má théann an Obair Bhaile ar aghaidh níos faide ná an tam ceapaithe bac heart é seo a chur in iúil don múinteoir ranga. Cinntigh áfach nách bhfuil aon chur isteach ar an bpáiste agus é/í i mbun a chuid/cuid oibre.
Sa chás go bhfuil an dalta ag freastal ar an gClub Obair Bhaile, ba cheart go bpléifeadh an tuismitheoir an Obair Bhaile agus go spreagfaidís a bpáiste an léitheoireacht a dhéanamh.

Gaelscoil de hÍde

DÚN EALA, DÚN TEACHAÍN, MAINISTIR FHEARMAÍ,CO. CHORCAÍ

Príomh Oide: *Tomás Ó Sé*
Fón: *(025) 31217*
Ríomhphost: *info@gaelscoildehide.com*
Suíomh Idirlín: *www.gaelscoildehide.com*

Monatóireacht ar an Obair Bhaile:

De ghnáth is maith le múinteoirí an Obair Bhaile a sheiceáil go laéthúil.
Uaireannta ní thárlaíonn sé seo ach deintear an obair bhaile a sheiceáil in ábhair áirithe uair nó dhó sa tseachtain.
Nuair a théann daltaí san aos, ceartaíonn na daltaí féin cuid den obair faoi stiúir an mhúinteóra.
Bíonn deis ag an múinteoir aischothú dearfa a thabhairt do dhaltaí le linn cheartú an Obair Bhaile agus tugann an múinteoir faoí ndeara chómh maith gnéithe don gCuraclam a mbíonn deacrachtaí ag na daltaí. Ba cheart don tuismitheoir an dialann obair bhaile a seiceáil agus a shíniú gach lá. Is módh cumarsaide é seo chómh maith idir an múinteoir ranga agus an tuismitheoir.

Baineann na múinteoirí Naíonán úsáid as árdán Google Classroom.
Baineann na ranganna eile úsaid as Árdán Google Classroom agus Dialann Obair Bhaile.

Rinne Fiona Mhic Ghearailt, tar éis plé leis an bhfoireann scoile, uasdátú ar an bPolasaaí seo i Mí an Mheithimh 2023. Déanfaidh an Bórd athbhreithniú i Mí an Mheithimh 2025.

Tá an polasaí seo le fáil ar shuíomh idirlín na scoile www.gaelscoildehide.com

Cathaoirleach an Bhoird: _____

Príomhoide: _____

Dáta: _____